**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 76/2023**

**an 28 Aibreán 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2232]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2304 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2022 lena n-ainmnítear saotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Baineann an Cinneadh seo le reachtaíocht maidir le hainmhithe beo cé is moite d'éisc agus ainmhithe dobharshaothraithe. An reachtaíocht a bhaineann leis na hábhair sin, ní bheidh feidhm aici maidir leis an Íoslainn, mar a shonraítear i mír 2 den Chuid Réamhráiteach de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir leis an Íoslainn.

(3) Is le reachtaíocht maidir le cúrsaí tréidliachta a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí tréidliachta, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 51 (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2156 ón gCoimisiún) i gCuid 3.2 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'52. **32022 R 2304**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2304 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2022 lena n-ainmnítear saotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach (IO L 305, 25.11.2022, lch. 51).

Ní bheidh feidhm ag an ngníomh seo maidir leis an Íoslainn.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2304 san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

([1]) IO L 305, 25.11.2022, lch. 51.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN